



Príomh-Aire na Breataine

Nuacht TG4 (Leibhéal B2)

A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi Liz Truss. Pléigh na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa. Tá go leor tar éis tarlú ó craoladh an mhír seo.

1. Cé hí Liz Truss? Cén fáth a raibh sí sa nuacht le déanaí?
2. Cad atá ar eolas agat faoi Kwasi Kwarteng agus Jeremy Hunt?
3. An gceapann tú go raibh Boris Johnson ina phríomh-aire maith? Cén fáth?
4. Cén fáth a bhfuil deacrachtaí eacnamaíochta ag an mBreatain faoi láthair, dar leat?
5. Cad is féidir leat a rá faoin doras sa ghrianghraf?
6. Cé a bheidh i gceannas ar an bPáirtí Caomhach anois?



B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cabhrú leat, más gá.

campaign:	_____
not going to plan:	_____
investors:	_____
tax cuts:	_____
energy policies:	_____
to finance, to fund:	_____
jolt, shake:	_____
crisis:	_____
doubt:	_____
duration:	_____

2. Cad is brí le ‘an ceann is fearr a fháil ar dhuine’?
3. An duine tú a chuireann rudaí ar an méar fhada? An bhfuil bealach eile agat chun ‘cuir ar an méar fhada’ a rá?

Féach ar an tuairisc anois agus aimsigh na focail thuas inti.

C: TUISCINT

Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna:

1. Cathain a ceapadh Liz Truss ina príomh-aire agus an í an chéad bhean sa phost sin?
2. Cén post a bhí aici sular ceapadh ina príomh-aire í?
3. Cén t-eolas atá sa mhír faoi Rishi Sunak?
4. Cathain a fógraíodh an mionbhuiséad?
5. Cé a léirigh inní faoi na beartais nua sa bhuiséad agus cén fáth ar léirigh siad inní?
6. Cad a tharla tar éis don rialtas an mionbhuiséad a fhógairt?
7. Cad a rinne Liz Truss le dul i ngleic leis an ngéarchéim?
8. Cén fáth ar luadh George Canning, ag deireadh na míre?

Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le freagraí an duine in aice leat. Cén post atá ag Rishi Sunak anois ó craoladh an mhír seo?

D: FEASACHT TEANGA

1: Cruinneas gramadaí (an briathar saor, aimsir chaite)

- a) Bhí a lán samplaí den bhriathar saor san aimsir chaite sa mhír. Seo thíos fréamhacha na mbriathra sin. Éist leis an mír arís, agus déan iarracht an briathar saor de gach ceann a aimsiú inti.

ceap: _____
cuir: _____
fógair: _____
léirigh: _____
caith: _____

- b) Is briathra rialta ar fad iad na briathra thuas. Cuir an fhoirm cheisteach, chomh maith leis na freagraí dearfacha agus diúltacha ar fáil anois. Lean na samplaí sa tábla:

dún	Ar dúnadh...? Dúnadh / Níor dúnadh
bris	Ar briseadh...? Briseadh / Níor briseadh
ceannaigh	Ar ceannaíodh...? Ceannaíodh / Níor ceannaíodh
aimsigh	Ar aimsíodh...? Aimsíodh / Níor aimsíodh
imir	Ar imríodh...? Imríodh / Níor imríodh

ceap: _____
cuir: _____
fógair: _____
léirigh: _____
caith: _____

2: Saibhreas teanga (ceann)

Tá a lán nathanna cainte i nGaeilge a bhfuil an focal **ceann** iontu.

a) Cad is brí leis an bhfocal *ceann*?

b) Agus, cad is brí leis na nathanna seo a leanas? Cuir in abairtí iad lena mbrí a léiriú:

‘Tá do cheann leat’

‘Beir ar cheann ort féin’

c) Is eisceacht é an focal *ceann* (ar nós *bliain* agus *seachtain*) agus mar sin ní leanann sé na rialacha céanna is a leanann gnáth-ainmfhocal nuair a chomhairtear é. Lión isteach an tábla thíos leis an leagan ceart de ‘ceann’.

1	2	3-6	7-10	20, 30, 40...

E: CUMARSÁID

1: Caint (Páirtí Polaitíochta)

a) Beidh tú féin agus na daoine eile sa ghrúpa ag cur páirtí polaitíochta ar bun. Féach ar na fadhbanna sóisialta thíos agus cuir in ord tosaíochta iad, trí uimhir a haon a chur in aice leis an bhfadhb is práinní le réiteach, dar libh, agus mar sin ar aghaidh.

Athrú aeráide

Bochtaineacht

Comhionannas inscne

Córas sláinte easnamhach

Easpa áiseanna sa chóras oideachais

Éilliú

Fadhbanna drugaí agus alcóil

Géarchéim thithíochta

Ciníochas

b) Smaoinígí ar ainm don pháirtí polaitíochta.

c) Déanaigí plé le chéile faoi na fadhbanna sin ar fad agus conas a rachadh bhur bpáirtí polaitíochta i ngleic leis an gcéad trí fhadhb is práinní.

d) Cuir an páirtí polaitíochta a bhunaigh sibh i láthair an ranga agus mínigh conas a rachaidh sibh i ngleic leis na fadhbanna sóisialta.

An Páirtí _____

Má thogfar muid:

✓ Ardóimid an cháin ar pheitreal.

✓ _____

✓ _____

✓ _____

✓ _____

✓ _____

✓ _____

✓ _____

2: Scríobh

Líon isteach an fógrán polaitíochta anois:

AN SCRIPT

Sinéad Ní Neachtain

I mí Mheán Fómhair a ceapadh Liz Truss ina príomh-aire ar an mBreatain, í ar an gcaoga séú¹ príomh-aire ar an tír, is í an tríú bean riamh í sa bpost². Ina rúnaí gnóthaí eachtracha di, d'éirigh léi an ceann is fearr a fháil ar Rishi Sunak, iar-sheansailéir an státchiste i dtoghchán ceannaireachta an Pháirtí Chaomhaigh.

Bhí a feachtas dírithe go láidir ar na deacrachtaí eacnamaíochta sa tír, ábhar a luigh go trom uirthi le linn a tréimhse gairide ina príomh-aire. Ní raibh Truss i bhfad ar chor ar bith sa ról nuair a bhásaigh Banríon Shasana. Bhí muintir na Breataine faoi bhrón agus dá bharr cuireadh cúrsaí polaitíochta ar an méar fhada. I ndiaidh na sochraide stáit, bhí polaiteoirí Westminster ar ais i mbun gnó. Fógraíodh mionbhuiséad agus thosaigh cúrsaí ag dul in aimhréidh.

D'ardaigh lucht infheistíochta agus anailísithe ceisteanna faoi mar a d'fhéadfaí ciorruithe cánach agus beartais fuinnimh a mhaoiniú. Bhain na beartais nua croitheadh as na margaí airgeadais agus léiríodh inní faoin laghad measúnacht neamhspleách a dearnadh³ ar na pleananna.

Thit luach an phuint, d'ardaigh morgáistí agus iasachtaí eile agus thriail Banc Shasana a gcuid a dhéanamh leis an ngéarchéim a mhaolú. B'éigean cúlú ar pholasaithe áirithe a fógraíodh agus ar deireadh, bhris an príomh-aire, Liz Truss, seansailéir na Breataine, Kwasi Kwarteng, as a phost. Is é Jeremy Hunt, iar-rúnaí gnóthaí eachtracha na Breataine, a ceapadh ina sheansailéir ina áit.

Ina dhiaidh sin, caitheadh amhras faoina raibh Liz Truss in ann ag an bpost mar phríomh-aire. 118 lá an tréimhse ba ghairide a chaith aon duine ina phríomh-aire ar an mBreatain, b'in é an Tóraí, George Canning, sa mbliain 1827. Ní bheadh Liz Truss an t-achar sin i Sráid Downing go dtí tús 2023.

Sinéad Ní Neachtain, Nuacht TG4.

¹ ar an séú príomh-aire is caoga a scríobhtar sa Chaighdeán Oifigiúil

² Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

³ dearnadh = leagan canúnach de 'rinneadh'

NÓTAÍ & FREAGRAÍ

A: MACHNAMH

Roinn an rang i ngrúpaí agus abair leo go mbeidh siad ag plé na gceisteanna le chéile. Léigh trí na ceisteanna le bheith cinnte go dtuigeann siad iad. Mínigh do na foghlaimeoirí go bhfuil go leor tar éis titim amach ó craoladh an mhír. Bí ag éisteacht agus ag cuidiú leo le linn na cainte.

B: FOCLÓIR

1. An stór focal:

campaign – feachtas
not going to plan – ag dul in aimhréidh
investors – lucht infheistíochta
tax cuts – ciorruithe cánach
energy policies – beartais fuinnimh
to finance, to fund – a mhaoiniú
jolt, shake – croitheadh
crisis – géarchéim
doubt – amhras
duration – achar

2. an ceann is fearr a fháil ar dhuine = to defeat someone, to get one up on someone

3. cuir ar an méar fhada / cuir siar = delay, put off

C: TUISCINT

Féach an script.

D: FEASACHT TEANGA

1: **Cruinneas gramadaí (an briathar saor, aimsir chaite)**

a) Féach:

ceap – ceapadh
cuir – cuireadh
fógair – fógraíodh
léirigh – léiríodh
caith – caitheadh

b) Féach:

Ar ceapadh?	Ceapadh	Níor ceapadh
Ar cuireadh?	Cuireadh	Níor cuireadh
Ar fógraíodh?	Fógraíodh	Níor fógraíodh
Ar léiríodh?	Léiríodh	Níor léiríodh
Ar caitheadh?	Caitheadh	Níor caitheadh

Príomh-Aire na Breataine

2: Saibhreas teanga (ceann)

- c) Ceann = head, end, one.
- d) Féach:
'Tá do cheann leat' = You are free
'Beir ar cheann ort féin' = Be sensible

- e) Féach:

1	2	3-6	7-10	20, 30, 40...
ceann amháin	dhá cheann	trí cinn	seacht gcinn	fiche ceann

Cumarsáid

1: Caint

Roinn an rang i ngrúpaí arís agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag cur páirtí polaitíochta ar bun. Caithfidh siad na fadhbanna sóisialta a chur in ord tosaíochta – ag cur uimhir a haon in aice leis an gceann is práinní agus mar sin síos. Caithfidh siad plé a dhéanamh ar na fadhbanna ar fad agus ar réiteach na bhfadhbanna. Caithfidh siad chomh maith ainm a aimsiú don pháirtí. Nuair atá an plé ar fad déanta acu sna grúpaí, iarr ar gach grúpa a pháirtí polaitíochta a chur i láthair an ranga.

Athrú aeráide – Climate change

Bochtaineacht – Poverty

Comhionannas inscne – Gender inequality

Córas sláinte easnamhach – Inadequate health system

Easpa áiseanna sa chóras oideachais – Lack of resources in the education system

Éilliú – Corruption

Fadhbanna drugaí agus alcóil – Drug and alcohol problems

Géarchéim thithíochta – Housing crisis

Ciníochas – Racism

2: Scríobh

Iarr ar na foghlaimeoirí an fógrán a líonadh isteach. Tá sampla amháin tugtha dóibh.



Lárionad na Gaeilge
Taighde, Teagasc & Tástáil

Le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilge & Gaelscolaíochta



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeilge, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaelic, Sport and Media

